**An Gadaí Dubh**

Bhí rí ann fadó agus bhí triúr mac aige. Cailleadh a bhean agus chuir sé an triúr mac isteach ar oileán mara agus múinteoir ina mbun. Lá amháin, dúirt an rí lena ghiolla, ‘Cuir an capall fén gcóiste, agus raghaimíd ag lorg mná dom féin, mar go bhfuil aimsir na hInide tagaithe.

Sin é mar a dhein agus d’ímíodar leo. Thángadar go dtí crosaire cheithre bhóthar agus ansúd rompu bhí bean, an bhean ba ghránna a chonaiceadair riamh. D’fhiafraigh sí dhíobh cá rabhadar ag dul agus dúirt an rí go raibh sé ag dul ag lorg mná dó féin. “Ná béarfá mise leat” arsa í sin. “Nár lige Dia dhom tú,” a dúirt sé. Cheangail sí le draíocht den mbóthar iad agus thosnaigh tuillte móra báistí ag titim anuas sa cheann orthu agus bhíodar fliuch báite. I gceann tamaill scaoil sí iad, “Anois, an mbéarfair leat mé,” arsa í sin. “Ní bhéarfad mhuise,” arsa é sin. Cheangail sí arís an cóiste, agus an capall agus iad féin den mbóthar agus shéid sí gaoth agus báisteach anuas orthu. I gceann tamaill scaoil sí iad, “Anois an mbéarfair leat mé?” “Ní bhéarfad mhuise,” arsa é sin. Cheangail sí arís iad agus chuir toirneacha, splancanna agus sneachta cruaidh anuas orthu. “Ar m’anam féin mhuise,” arsa an giolla, “mara dtabharfaidh tú leat í, maróidh sí sinn.” “An mbéarfaidh tú anois leat mé?” arsa í sin. “Tá go maith mar sin,” arsa é sin.

Chuaigh sí isteach sa chóiste agus chasadar thar n-ais agus nuair a d’fhéach sé i gceann tamaill uirthi, b’í an bhean ba bhréatha a chonaic sé riamh í. Sin é mar a bhíodar, phós sé í agus bhíodh sé féin ag imeacht amach ag fiach agus ag foghlaeireacht gach aon lá agus bhíodh sí sin istigh sa chúirt agus gan éinne ag caint léi. Chuaigh an bhean ar an leabaidh di féin lá amháin agus nuair a tháinig an rí tráthnóna, chuaigh sé chuichi agus d’fhiafraigh sé cad a bhí uirthi. Dúirt sí leis go raibh sí féin ina haonar ansúd gach aon lá agus go raibh triúr mac aige amuigh ar oileán mara agus dá mbeidís thar n-ais go ndéanfaidís cuileachta (=cuideachta) dhi. “Tá go maith mar sin,” arsa é sin. “Tabharfaidh mé thar n-ais iad.” Thug agus bhíodar mar sin i dteannta a chéile.

Lá amháin, bhíodar amuigh ag siúl sa choill agus d’fhiafraigh bean an rí dhíobh an imreoidís cluiche léi. Dúradar go ndéanfaidís. D’imir sí cluiche leis an mac ba chríonna agus bhuaigh sí air. D’imir sí cluiche leis an tarna mac agus bhuaigh sí air sin chomh maith. D’imir sí cluiche ansan leis an mac ab óige agus bhuaigh an mac ab óige uirthi.

“Tabhair do bhreith anois,” arsa an mac ab óige. “Tabharfad,” arsa í sin, “go n-imeoidh sibhse ag triail ar an stail atá ag ridire an ghleanna agus nach gcodlóidh sibh in aon tigh aon tarna oíche ná in aon bhaile mór nó go dtiocfaidh sibh thar n-ais chugamsa leis an stail sin.” “Tabhairse do bhreith anois,” arsa í sin leis an mac óg. “Tabharfad,” arsa é sin, “go siúlóidh tú timpeall ar na sparraí iarainn atá ar bharra na cúirte gan aon bhróig ort, go seasóidh tú ar an sparra deiridh ar do leathchois, gan de bhia agat ach an gráinne cruithneachtan a gheobhaidh tríd an bpunann a bhuailfeadsa dhuit nó go dtiocfaimidne thar nais leis an stail.”

Lá arna mháireach, d'imíodar leo agus trí chapall iallaite acu agus sparán airgid agus thángadar go dtí baile mór istoíche, agus má thángadar, chuadar isteach i dtigh ósta agus cuireadh na capaill i stábla agus fuaireadar a ndóthain le n-ithe, an rud céanna an tarna oíche. An triú lá, bhíodar ag piocadh leo agus ar an mbóthar rompu thángadar suas leis an mbacach seo. Dhá mhaide coise aige, caipín olla tarraigthe anuas ar a cheann agus casóg stracaithe air agus córda mórthimpeall uirthi. "A dhuine aosta," arsa an mac óg leis, "tarraiceoidh mé isteach an díog agus féadfair dul in airde laistiar dom ar an gcapall." "Ní gá dhuit é," arsa an bacach, "ach tarraing amach an capall go lár an bhóthair," agus dhein agus léim an bacach as a chorp agus chuaigh sé in airde laistiar den mac óg. Bhíodar ag imeacht leo agus d'fhiafraigh an bacach díobh cá rabhadar ag dul. "Táimíd ag dul ag triail ar stail ridire an ghleanna," arsa iad leis. "Mhuise mo ghraidhin go deo sibh," arsa é sin.



"Thugas-sa seacht mbliana ag iarraidh an stail sin a ghoid. Mise an Gadaí Dubh," arsa é sin, "agus níl aon duine chomh maith liom chun faic a ghoid. Tá an stail sin istigh i stábla, tá cloigíní timpeall uirthi, agus aon duine nuair a osclóidh an stábla, croithfidh sí í féinig agus cloisfidh na saighdiúirí í agus tiocfaidh siad agus béarfaidh siad ar pé duine a bheidh ag iarraidh í a ghoid. Tá carraig trí mhíle ón stábla agus éinne go mbéarfar air laistigh den gcarraig sin, mar is sin é an teora, marófar é."

Sea, nuair a tháinig an oíche d'imíodar leo agus thángadar go dtí an gcarraig agus as go brách leo go mbaineadar amach an stábla, ach ní túisce a d'osclaíodar an doras ná gur chroith an stail í féin agus bhuail na cloigíní agus ritheadar, agus má ritheadar, díreach ag an gcarraig, beireadh ar an mac críonna. Oíche lá arna mháireach dheineadar an rud céanna, agus má dheineadar, nuair a thángadar go dtí an gcarraig, beireadh ar an tarna mac.

An triú oíche, d'imíodar leo, agus nuair a chuadar go dtí an stábla, chroith an capall arís í féin agus ritheadar ach beireadh ar an mac óg.

Bhí an triúr mac gafa.

Sea, naoi lá ina dhiaidh san bhí an chúirt ann agus is í an bhreith a bhí sa chúirt ná go marófaí an triúr agus go gcaithfí isteach i soitheach tarra beirithe iad. Bhí gach éinne bailithe timpeall agus pé a bhí ann nó ná raibh, bhí an Gadaí Dubh ina measc. Bhí an caipín olla tairgithe anuas ar a cheann, an chasóg ghiobalach air agus na maidí coise aige. Thóg an ridire in airde an mac críonna agus é ceangailte agus d'fhéach sé timpeall. "An bhfacabhair éinne chomh gairid den mbás leis seo," arsa é sin agus d'fhéach sé ar an nGadaí Dubh. "Dá dtabharfá aga dhom," arsa an Gadaí Dubh, "déarfainn leat é." "Gheobhair san," arsa an ridire.

“Bhíos-sa lá”, arsa an Gadaí Dubh “agus bhíos amuigh ar an bhfarraige agus bád pléisiúir agam agus chuaigh an bád trí thine agus bhí sí ina bladhmsach lasrach, agus ar deireadh thiar bhíos im’ sheasamh ar an bpíosa deireannach agus mé díreach chun dul go tóin poill nuair a tháinig bád timpeall an chúinne agus rugadar ar ghruaig orm agus tharraingíodar aníos mé agus nach rabhas chomh gairid don mbás leis sin.”

“Bhís go deimhin” arsa an ridire. “Tá sé sábháilte agat.”

Thóg sé an tarna mac agus d’fhiaraigh sé don ngadaí dubh an bhfaca sé éinne riamh chomh gairid den mbás leis seo. “Dá dtabharfá aga dhom”, arsa an gadaí dubh, “déarfad.” “Tabharfad,” arsa an ridire.



“Bhíos-sa lá arsa an gadaí dubh,” ag siúl tríd an gcoill agus thána fé bhun crainn, bhí triúr cailleach agus iad ina gcodladh. Bhí paca óir fé cheann duine acu. Bhíos ag piocadh agus ag piocadh ar an bpaca óir agus thógas amach uaithi é agus chuireas fód móna isteach ina ionad féna ceann, agus díreach nuair a bhíos chun imeacht nár dhúisigh duine acu, agus léim sí ina seasamh agus bhéic sí. “Dein tua duit féin,” arsa í le duine acu, “agus dein cú duit féin” arsa í sin leis an gcailleach eile. “Ní raibh aga agam féin ach rith in airde ar an gcrann, prapáil in airde go barra agus rug an chailleach ar an dtua agus thosnaigh sí ag tarrac ar an gcrann, agus bhí an cú ansúd agus a béal ar leathadh aici. Bhí an tua tógtha aici chun an buille deireannach a tharrac ar an gcrann chun go dtitfeadh sé, nuair a ghlaoigh an chailleach agus chaitheadar imeacht, agus ná rabhas chomh gairid don mbás leis sin’ arsa an Gadaí Dubh. “Bhís go deimhin” arsa an ridire. “Tá sé sábháilte agat.” Bhí beirt sábháilte anois.

Thóg sé an mac ab óige ansan agus d’fhéach sé ar an nGadaí Dubh agus dúirt sé “an bhfacaís éinne chomh gairid den mbás leis seo?” “Tá go maith” arsa an Gadaí Dubh.

“Bhíos féin lá ag siúl dom féin agus bhíos ag gabháil thar an dtig seo agus chuala an gol istigh. Chuas isteach agus bhí bean an tí istigh agus í ag gol agus í ag déanamh maróg. “Cad tá ort?” arsa mé féin léi, “tá mhuise,” arsa í sin, “beidh fathach ag teacht tráthnóna agus caithfidh mé mo leanbh a mharú agus é a chur isteach sa mharóg mar dúirt sé liom go n-íosfadh sé é.”

D’fhéachas ar an leanbh agus leanbh breá ab ea é.

“Mhuise,” arsa mise léi, “an bhfuil fhios agat cad a dhéanfaimíd,” “bainfimid na ceithre mhéar do agus cuirfimid isteach i gceithre chúinne na maróige iad agus ní bheidh a fhios aige ansan ná go mbeidh feoil sa mharóg ar fad.”

Sin é a dheineamair, bhaineas na ceithre mhéar don leanbh agus chuireas an leanbh i bhfolach agus chuir sí na ceithre mhéar ar gach cúinne don mharóg, agus ní raibh ach san déanta againn nuair a bhraitheamair an fathach ag teacht. Ní raibh aga agam féin ach rith síos go dtí an tseomra agus mé féin a shá isteach sa tseomra agus cad a bhí istigh ann ná coirp ag an bhfathach. Shás mé féin isteach ina measc.



Bhí an fathach thuas agus é ag ithe agus dúirt sé ná raibh feoil an linbh ar fad in aon chor sa mharóg. “Tá go deimhin,” arsa í sin leis agus ghearr sí anuas cúinne dhó mar a raibh an mhéar sa chúinne eile agus d’ith sé iad, agus fós ní raibh sé sásta. Thóg sé scian agus d’imigh sé síos go dtí an tseomra. Thosnaigh sé ag cuardach agus tharraing sé mé féin chuige agus bhain sé stéig anuas díom agus bhuail sé ag róstadh thuas ag an dtine é. Ní foláir ná gur thaitin sé leis mar tháinig sé anuas agus bhain sé stéig eile dhíom. Bhíos ansan agus mé lán d’fhuil agus ba ghearr go raibh an fathach, nuair a bhí a dhóthain ite aige, shín sé siar agus thit sé dá chodladh agus gach aon srann aige. D’éalaíos suas agus bhí bior iarainn in aice leis an dtine, shás isteach an bior iarainn an tine nó go raibh sé dearg agus ní raibh ach aon tsúil amháin ag an bhfathach i lár a éadain agus shás isteach an bior iarrainn sa tsúil. Bhéic sé agus bhúir sé agus léim sé ina sheasamh. Seo leis im dhiaidh agus bhíos ag rith uaidh. Chaith sé fáinne agus chuaigh an fáinne isteach ar mo mhéar. “Cá bhfuileann tú, a fháinne,” a deireadh sé. “Táim ar mhéar an Ghadaí Dhuibh,” a deireadh an fáinne. Sin é mar a bhí, agus bhíos ag rith agus ag rith ach bhí sé ag teacht im dhiaidh agus bhí sé ag teacht orm agus díreach agus é laistiar dom. “Cá bhfuileann tú a fháinne,” arsa é sin.

Thógas mo scian as mo phóca agus ghearras mo mhéar agus chaitheas síos le faill é.

“Táim ar mhéar an Ghadaí Dhuibh,” arsa an fáinne. Léim an fathach le faill, trí chéad troigh síos agus maraíodh é, agus ná rabhas chomh gairid don mbás leis sin,” arsa an Gadaí Dubh.

“Bhís go deimhin,” arsa an ridire. “Agus céad moladh le Dia,” arsa an ridire. “Is é mo mhac-sa a shábháilis an lá san. Ghlaoigh sé amach ar an mac agus thaispeáin sé an láimh dóibh agus na ceithre mhéar bainte dhó. Tugaigí amach an stail,” arsa é sin, “agus cuirigí iallait uirthi, go dtabharfar dóibh seo í agus go dtabharfaidh siad thar n-ais í agus go dtógfar na geasa dhóibh. Sin é mar a bhí. Thugadar an stail thar n-ais agus nuair a thángadar thar nais go dtí an gcúirt, bhí sí féin in airde ar an sparra iarainn, ní raibh inti ach an  agus thit sí anuas fuar marbh ar an dtalamh.

Sin é mo scéal-sa agus má tá bréag ann bíodh. Ní mise a chum ná a cheap é!